



## Téarmaí agus Coinníollacha do dheontais chun soláthar uisce príobháideach do theach a fheabhsú

[Cuir isteach ainm an ailt/an aonaid]

[XXXXXX] Comhairle Contae

[Seoladh líne 1]

[Seoladh líne 2]

[Seoladh líne 3]

[Éirchód]

[Uimhir ghutháin]

[Seoladh ríomhphoist]

Leagan (2): Deireadh Fómhair 2020

## **Deontais atá iníoctha faoi Rialacháin na dTithe (Cúnamh Airgeadais do Sholáthar Uisce Príobháideach), 2020 (I.R. Uimh. 192 de 2020)**

- Léigh na nótaí eolais seo a leanas, le do thoil, sula líonann tú an fhoirm iarratais.
- Caithfear gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, sa chás go sonraítear, caithfear cáipéisí tacaíochta a sholáthar. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána nó na foirmeacha siúd nach ngabhann na cáipéisí cuí leo.
- NÍOR CHEART tús a chur le hobair sula dtugann an t-údarás tithíochta cead i scríbhinn. Má cuireadh tús le hobair roimh sula bhfaightear faomhadh, ní dhéanfar breithniú ar d'iarratas agus diúltófar íocaíocht a dhéanamh.
- Déanann údaráis tithíochta an scéim deontais a riad. Is faoin údarás tithíochta ábhartha atá sé plé le gach ceist a bhaineann le hoibriú laethúil na scéime deontais, iarratais agus íocaíochtaí san áireamh.
- Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin deontas a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis tithíochta ábhartha.

### **1. Cuspóir an deontais**

Is é cuspóir na scéime deontais seo chun cabhrú le teaghlaigh i gceantair thuaithe a bhraitheann ar sholáthar uisce príobháideach (tobar aonair) a úsáidfidh a dteaghlaigh, trí chúniamh airgeadais a thabhairt dóibh nuair a thabhaíonn siad caiteachas caipitiúil, chun tabhairt faoi feabhsúcháin ar an soláthar lena chinntí go bhfuil a tuisce folláin agus glan, nó nach leor an méid uisce chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh faoi mar a shainmhínítear i Rialacháin na dTithe (Cúnamh Airgeadais do Sholáthar Uisce Príobháideach), 2020 (I.R. Uimh. 192 de 2020).

Ar mhaithe le cuspóirí deontais, is é an sainmhíniú a thugtar ar sholáthar uisce príobháideach ná córas a sholáthraíonn soláthar uisce do theach aonair trí fhoinsé nach foinse choiteann ná roinnte é.

Tá an scéim seo mar chuid den infheistíocht chistithe faoi Bheart 8 den Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil (an CUTIB) ó 2019 go 2021.

Cumasaíonn an deontas oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar sholáthar uisce príobháideach (féach Aguisín I) chun go gcuirfidh sé uisce ar fáil a chomhlíonann caighdeán cháilíochta na Rialachán Uisce Óil<sup>1</sup> ("na Rialacháin") agus/nó déanfaidh sé méid dóthanach uisce a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais tí an teaghlaigh.

Cuid lárnach is ea an deontas d'fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar iontaofacht soláthairtí uisce príobháideacha a chuireann uisce ar fáil d'úsáid tí i dtithe i gceantair thuaithe.

<sup>1</sup> Tá Rialacháin an Aontais Eorpach (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014) ar fáil ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/122/made/en/print> agus tá Rialacháin an Aontais Eorpach (Uisce Óil) (Leasú), 2017 (I.R. Uimh. 46/2017) ar fáil ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/464/made/en/print?q=464/2017>

**Tábhachtach:** Ní hionann tithe a bhfuil ceangail aonair acu le foinse choiteann de sholáthar trí úsáid a bhaint as córais astarraingthe agus dálte agus soláthar uisce príobháideach ar mhaithe le cuspóirí an deontais. Caithfear an deontas a úsáid díreach chun feabhas a chur ar sholáthar uisce príobháideach do theach agus dó sin amháin. Ní féidir aon chuid den íocaíocht deontais a úsáid chun úsáid neamhthí eile, e.g. gníomhaíocht feirmeoireachta nó úsáid tráchtála eile, a thras-fhóirdheonú.

## 2. Leibhéal an deontais

Deimhníonn saghas na n-oibreacha feabhsúcháin a dhéantar an leibhéal deontais agus ní sháróidh sé na suimeanna seo a leanas:

- (a) (i) 85% de na costais costais a cheadaítear d'oibreacha athshlánaithe, faoi réir €3,000, ar a mhéid;  
nó  
(ii) 85% de na costais a cheadaítear ar thobar nua a sholáthar, faoi réir €5,000, ar a mhéid (nuair a chomhaontaíonn an t-údarás tithíochta leis gurb é seo an réiteach is fearr);
- (b) 100% de na costais costais a cheadaítear d'oibreacha atá riachtanach, i dtuairim an údaráis tithíochta, chun an t-uisce a chóireáil chun freastal ar chaighdeán chálíochta an uisce a shonraítear sna Rialacháin, faoi réir deontas uasta €1,000. Scagachán nó cóireáil Ultravialait iad samplaí de na cóireálacha siúd.

Is féidir iarratas a sheoladh ar aghaidh maidir le haon cheann den mhéid seo a leanas:

- Cúnamh deontais d'oibreacha athshlánaithe amháin ag (a)(i) thuas;  
nó  
Cúnamh deontais nach n-úsáidtear ach chun tobar nua a sholáthar ag (a)(ii) thuas;  
nó  
Cúnamh deontais d'oibreacha cóireála amháin ag (b) thuas.
- Cúnamh deontais d'oibreacha athshlánaithe de réir (a)(i) thuas móide oibreacha cóireála de réir (b) thuas.
- Cúnamh deontais chun tobar nua a sholáthar de réir (a)(i) thuas móide oibreacha cóireála de réir (b) thuas.

Níl an deontas ar fáil d'oibreacha feabhsúcháin a chosnaíonn níos lú ná €750, ar an iomlán.

## 3. Cáilitheacht

Ní féidir a mheas go bhfuil iarratasóir incháilithe do dheontas más é tuairim an údaráis tithíochta go sásáitear na critéir seo a leanas:

- (a) Tabharfar faoi na hoibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce do theach, áit nach sásáíonn an soláthar uisce sin na caighdeán chálíochta sna Rialacháin nó nuair nach leor an méid uisce a sholáthraítear chun freastal ar riachtanais tí an teachláigh agus,
- (b) Tá an teach áitithe ag an iarratasóir mar a g(h)nátháit chónaithe; agus,

- (c) Níl an teach ceangailte le, agus ní féidir é a cheangal go réasúnta le, Scéim Uisce de chuid Uisce Éireann nó le Grúpscém Uisce<sup>2</sup>; agus,
- (d) Níl an teach suite i gceantar a bhfreastalaíonn Uisce Éireann nó Grúpscém Uisce air, nó ina bhfuil Uisce Éireann nó Grúpscém Uisce ar tí freastal air; agus,
- (e) Tá an teach go hiomlán tógha le breis agus seacht mbliana anuas, agus níor íocadh deontas chun soláthar uisce a sholáthar, nó a fheabhsú, don teach faoin scéim le seacht mbliana anuas. Áirítear cúnamh deontais leis seo maidir le hoibreacha cóireála.

**Nóta:** Ar mhaithe le cuspóirí na scéime deontais seo, áirítear le háit chónaithé cíosanna fadtéarmacha, ach ní áirítear leis tithe saoire príobháideacha agus réadmhaoin a obrítear ar bhonn tráchtála (e.g. cíosanna gearrthéarmacha, réadmhaoin féinfhreastail, suíomhanna ina bhfuil carbháin/tithe soghluaiste, etc.). Níl réadmhaoin faoi úinéireacht údarás áitiúil, comhlachais tithíochta, Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte etc. incháilithe.

#### **Eolas breise faoi cháilitheacht:**

- Ní féidir le hiarratasóirí an dá mhéid deontais a fháil ag Mír 2(a) thusa, i.e. ní féidir leo €3,000 a fháil chun tobar a athshlánú móide an deontas €5,000 do thobar nua. Chun teacht ar shoiléiriú breise, féach Mír 2 thusa.
  - Is í an aois a cháilíonn teach do dheontas seacht mbliana, agus is í an tréimhse sular féidir iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin seacht mbliana. Tagraíonn seo do chúnamh deontais maidir le hoibreacha feabhsúcháin, agus áirítear leo oibreacha cóireála.
  - Faoi chuínsí eisceachtúla, is féidir cead a thabhairt d'iarratasóirí chun an dara hiarratas a dhéanamh laistigh den tréimhse seacht mbliana murar úsáideadh an deontas uasta go hiomlán agus má tháinig saincheist éigin thábhachtach nó éigeandála gan choinne aníos i ndiaidh go ndearnadh an chéad iarratas. I measc samplaí de na cúinsí siúd, bheadh éilliú an tsoláthair uisce, turnamh, teagmhais aimsire is cúis le dul in olcas.
  - Beidh ar iarratasóirí a léiriú, chun sásaimh an údarás tithíochta, gur tháinig saincheist gan choinne nó éigeandála aníos ina gcás.
  - Sa chás go ndéantar an dara hiarratas laistigh den tréimhse seacht mbliana faoi na cúinsí seo, ní sháróidh an meascán den íocaíocht bhunúil agus an dara híocaíocht an tsuim uasta a íocatar de ghnáth, arb ionann sin agus €3,000 i gcás athshlánú tobair nó €5,000 i gcás tobar nua.
- Sampla: I gcás athshlánú tobair, má íocadh cúnamh deontais €1,500 maidir leis an gcéad iarratas, agus má thagann oibreacha breise athshlánaithe éigeandála aníos, bheadh an íocaíocht uasta a d'fhéadfai a dhéanamh laistigh den tréimhse seacht mbliana €1,500.*

#### **4. Costas faofa**

---

<sup>2</sup> Ar mhaithe leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo, ciallaíonn Grúpscém Uisce scéim a sholáthraíonn soláthar uisce príobháideach do dhá teach nó níos mó trí fhoinse nó córas dálite nó roinnte coiteann soláthair.

Deimhníonn an t-údarás tithíochta an costas faofa do gach deontas. Meastachán atá ann i dtaobh chostas réasúnta na n-oibreacha cáilitheacha (féach Aguisín II).

Caithfidh iarratasóirí trí luachan a fháil do gach ceann de na hoibreacha feabhsúcháin go léir a bheartaítéar agus cóipeanna de na luachana a sheoladh ar aghaidh leis an iarratas ar dheontas. Áirítéar leis seo oibreacha cóireála a bheartaítéar.

## 5. Fáltais

Caithfidh fáltais ó gach conraitheoir a fostáodh chun na hoibreacha a luaitear a dhéanamh gabháil le gach éileamh ar chúnamh deontais. Caithfear a áireamh le fáltais sonraí faoi na hoibreacha a rinneadh agus na costais ghaolmhara.

## 6. Riachtanais imréitigh cánach

I gcás gach conraitheora a fostáodh chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce príobháideach, caithfear cóip de dheimhniú imréitigh cánach reatha a d'eisigh na Coimisinéirí loncaim don chonraitheoir a sheoladh ar aghaidh.

## 7. Iarratais ar chúnamh deontais a phróiseáil

Beidh an nós imeachta seo a leanas i gceist maidir le gach iarratas a phróiseáil:

- (a) Ba cheart iarratais ar chúnamh deontais a fhaomhadh a sheoladh ar aghaidh ar *Fhoirm PWS 1a* (atá ar ceangal), chuig an údarás tithíochta a bhfuil limistéar feidhme an tí ar a bhfreastalaíonn an soláthar uisce príobháideach, ábhar an iarratais, suite ann.
- (b) Déanfaidh an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cigireacht ansin ar an soláthar uisce príobháideach, arb é sin ábhar an iarratais, chun bailíocht an iarratais a dheimhniú maidir le scóip na n-oibreacha a bheartaítéar. Déanfar an méid seo a leanas sa chigireacht réamhoibreacha:
  - a dheimhniú nach bhfuil an soláthar uisce reatha folláin agus glan nó nach leor an méid uisce a sholáthraítéar chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh; agus,
  - a dheimhniú cibé acu an gcáilíonn nó nach gcáilíonn na hoibreacha a bheartaítéar do chistiú deontais agus gurb iad nó nach iad na hoibreacha is cuí chun dul i ngleic leis na saincheisteanna ar leith; agus
  - comhairle a chur ar an iarratasóir faoi conas feabhas ginearálta agus sonrach a chur ar shláine a soláthair uisce phríobháidigh agus an soláthar uisce príobháideach a dhéanamh slán.
- (c) Cuirfidh an t-údarás tithíochta an t-iarratasóir ar an eolas ina dhiaidh sin i scríbhinn (nó ar ríomhphost) má mheastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe (faoi réir téarmaí agus coinníollacha) nó má mheastar go bhfuil sé neamh-incháilithe.
- (d) Is féidir leis an iarratasóir leanúint ar aghaidh ansin leis na hoibreacha feabhsúcháin (féach Aguisín II) a theastaíonn, ach ní iocfar cúnamh deontais ach d'oibreacha a chuimsítear san iarratas agus a mheastar atá incháilithe.
- (e) Próiseálfar iarratais a thapúla agus is féidir.
- (f) Má theastaíonn cúnamh chun an fhoirm a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, leis an údarás tithíochta ábhartha.
- (g) Tá an ceart ar cosaint ag an údarás tithíochta chun aon fhiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gá, chun eolas nó cáipéisíocht tacaíochta a

cuireadh ar fáil mar chuid d'iarratas ar chúnámh deontais a dheimhniú, agus is féidir leis aon iarratasóir a fhágáil as an áireamh, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar chúnámh deontais, a sholáthraíonn eolas nó cáipéisí bréagacha nó míthreoracha.

## 8. Éilimh ar íocaíocht a phróiseáil

Beidh an nós imeachta seo a leanas i gceist maidir le gach éileamh ar íocaíocht a phróiseáil:

- (a) A luaithe a críochnaíodh na hoibreacha, ba cheart éilimh ar íocaíocht a sheoladh ar aghaidh ar *Fhoirm PWS 1b* (atá ar ceangal), chuit an údarás tithíochta a bhfuil limistéar feidhme an tí ar a bhfreastalaíonn an soláthar uisce príobháideach, ábhar an iarratais, suite ann.
- (b) Caithfidh *Foirm PWS 1b* gabháil le gach fáltas ó gach conraitheoir a fostáodh chun na hoibreacha a luaitear a dhéanamh.
- (c) Tabharfaidh an t-údarás tithíochta faoi chigireacht iaroibreacha ar na hoibreacha feabhsúcháin leis an méid seo a leanas a dheimhniú:
  - tugadh faoi agus críochnaíodh na hoibreacha faofa go sásúil; agus
  - cuireadh soláthar uisce ar fáil atá sásúil i dtaobh cálíochta agus cainníochta.
- (d) A luaithe a dheimhnigh an t-údarás tithíochta gur críochnaíodh na hoibreacha feabhsúcháin chun a shásaimh, déanfar an t-éileamh ar íocaíocht a phróiseáil ansin.
- (e) Nuair a bhíonn an t-údarás tithíochta faoin tuairim nár tugadh faoi na hoibreacha feabhsúcháin i gcomhréir leis an iarratas, nó nár críochnaíodh go sásúil iad, is féidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - costas leasaithe faofa a dheimhniú, nó
  - íocaíocht an deontais a shiarchoinneáil go dtí go dtugann an t-iarratasóir faoi na hathruithe siúd ar na hoibreacha reatha nó na hoibreacha breise siúd is féidir leis an údarás tithíochta a fhógaírt.
- (f) Nuair atá an t-údarás tithíochta faoin tuairim gur lú costas iarbhír na noibreacha cálítheacha ná an costas faofa, deimhneofar costas leasaithe faofa.
- (g) Próiseálfar éilimh a thapúla agus is féidir.
- (h) Má theastaíonn cúnamh chun an fhoirm a líonadh, déan teagmháil, le do thoil, leis an údarás tithíochta ábhartha.
- (i) Tá an ceart ar cosaint ag an údarás tithíochta chun aon fhiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gó, chun eolas nó cáipéisí tacaíochta a cuireadh ar fáil mar chuid d'iarratas ar chúnámh deontais a dheimhniú, agus is féidir leis aon éilitheoir a fhágáil as an áireamh, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar chúnámh deontais, a sholáthraíonn eolas nó cáipéisí bréagacha nó míthreoracha.

## 9. An próiseas achomhairc

Nuair a bhíonn iarratais á bpróiseáil faoin scéim deontais seo, aithnítear go bhféadfadh roinnt iarratasóirí a bheith míshásta le cinneadh an údaráis tithíochta. Cuirfidh údaráis tithíochta meicníocht achomhairc ar fáil do gach iarratasóir a cheadaíonn go ndéanfaidh oifigeach údarás tithíochta nár dhéileáil lena mbuniarratas athbhreithniú ar an gcinneadh a rinneadh ina gcás.

Bainfidh an nós imeachta seo a leanas le gach achomharc:

- (a) Tugtar cuireadh do gach iarratasóir míshásta chun **achomharc scríofa** a sheoladh ar aghaidh (is féidir é seo a dhéanamh ar ríomhphost) in aghaidh cinneadh ar bith ar chuir an t-údarás tithíochta in iúl dóibh maidir lena n-iarratas.
- (b) Caithfidh an t-údarás tithíochta an t-achomharc a fháil **laistigh de thrí seachtaire** i ndiaidh dháta an chinnidh agus caithfear a lua ann na cúiseanna a bhí leis an achomharc.
- (c) Breithneoidh an t-údarás tithíochta an t-achomharc agus tabharfar breithiúnas air laistigh de cheithre seachtaire i ndiaidh é a fháil.
- (d) Cuirfidh cinneadh faoin achomharc in iúl i scríbhinn don achomharcóir laistigh de choicís i ndiaidh go ndearnadh an cinneadh.

# AGUISÍN I

## 1.   Eolas faoi thabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin

I ndiaidh don iarratasóir faomhadh a fháil i scríbhinn ón údarás tithíochta, is féidir leis na hoibreacha feabhsúcháin tosú.

Cuid bhunriachtanach de dheimhniú na n-oibreacha feabhsúcháin is ea tástail, samplál, anailís agus deimhniúchán an tsoláthair uisce. Tá gá leis an tástail, an tsamplál, an anailís agus an deimhniúchán seo lena dheimhniú gur cuireadh an t-easnamh tromchúiseach ina cheart chun sásaimh an údaráis tithíochta.

Is éagsúil a bhíonn an tástail, an tsamplál, an anailís agus an deimhniúchán riachtanach ag brath ar na hoibreacha feabhsúcháin faoina dtugtar agus seo a leanas é:

- (a) **Oibreacha feabhsúcháin ina ndéantar trealamh cóireála uisce a shuiteáil:**
- Sula ndéantar an tsuiteáil – Caithfear tabhairt faoi shamplál, anailís agus deimhniú an uisce chun eolas a sholáthar faoin trealamh is dóchúil a bheidh ag teastáil.
  - I ndiaidh go ndéantar an tsuiteáil – Caithfear tabhairt faoi shamplál, anailís agus deimhniú an uisce arís eile chun cálíocht an uisce a bhailíochtú.
- (b) **Oibreacha feabhsúcháin ina ndéantar tobar nua a dhruileáil nó tobar reatha a athshlánú:**
- Sula ndéantar an tsuiteáil – a luaithe a aimsítear uisce, caithfidh an druileálaí tobair tástail a dhéanamh chun leordhóthanacht mhéid an uisce atá ar fáil ar chuspóirí tí ón tobar a bhailíochtú. Caithfear tabhairt faoi shamplál, anailís agus deimhniú an uisce chun eolas a sholáthar faoin trealamh cóireála is dóchúil a bheidh ag teastáil.
  - I ndiaidh go ndéantar an tsuiteáil – Caithfear tabhairt faoi shamplál, anailís agus deimhniú an uisce chóireáilte chun cálíocht an uisce a bhailíochtú.
- (c) **Oibreacha feabhsúcháin ina ndéantar tobar nua a dhruileáil nó tobar reatha a athshlánú agus ina ndéantar trealamh cóireála uisce a shuiteáil:**
- Sula ndéantar an tsuiteáil (tobar nua a dhruileáil amháin) – an druileálaí tobair tástail a dhéanamh chun leordhóthanacht mhéid an uisce atá ar fáil ar chuspóirí tí ón tobar a bhailíochtú.
  - Sula ndéantar an tsuiteáil (tobar nua nó tobar reatha a athshlánú) – Caithfear tabhairt faoi shamplál, anailís agus deimhniú an uisce chun eolas a sholáthar faoin trealamh cóireála uisce is dóchúil a bheidh ag teastáil.
  - I ndiaidh go ndéantar an tsuiteáil (tobar nua nó tobar reatha a athshlánú) – Caithfear tabhairt faoi shamplál, anailís agus deimhniú an uisce chóireáilte chun cálíocht an uisce a bhailíochtú faoi mar a leagtar amach ag (a) agus (b) thuas.

## AGUISÍN I

**Cáilíocht an Uisce:** Tugtar faoi shampláil agus anailís lena chinntiú go bhfuil an soláthar uisce maith a dhóthain go n-ólfaidh daoine é, i.e. sásáíonn sé caighdeán cháilíocht an uisce a leagtar amach sna Rialacháin. Cuirfidh an t-údarás tithíochta, bunaithe ar an eolas atá aige ar limistéar an tsoláthair uisce, liosta paraíméadar ar fáil don iarratasóir (ar a dtugtar paraíméadair sheiceála baictéareolaíche agus ceimicí) a bhaineann le dálaí áitiúla ar gá anailís a dhéanamh ar an uisce ina dtaobh.

Caithfidh saotharlann inniúil, aitheanta, neamhspleách agus de chuid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) nó a chomhionann de shaotharlann chreidiúnaithe tabhairt faoi shampláil, anailís agus deimhniúchán<sup>3</sup>. Ní ghlacfar le hanailís a dhéanann comhlachtaí neamhchreidiúnaithe.

Tá an t-iarratasóir freagrach as sampláil a dhéanfar sa tsaotharlann a shocrú (caithfidh an tsaotharlann, seachas an t-iarratasóir, an sampla a ghlacadh, mar gheall go n-úsáidtear trealamh agus modhanna ar leith, buidéil samplála san áireamh, agus caithfidh iad seo a bheith steiriúil).

I roinnt codanna den thír, b'fhéidir go mbeidh an t-údarás tithíochta nó FSS in ann seirbhís samplála, anailís agus deimhniúcháin a sholáthar.

Chun cáilíocht an uisce a bhailíochtú, is gá sraitheanna samplála agus deimhniúcháin ar leith a dhéanamh:

**Trealamh réamhchóireála (nuair atá sé á shuiteáil):** Déanfaidh na torthaí ó shampláil, anailís agus deimhniúchán an amhuisce seo na soláthraithe trealaímh a threorú maidir leis an trealamh cuí cóireála uisce atá le suiteáil,

**Trealamh iarchóireala:** Déanfaidh na torthaí ó shampláil, anailís agus deimhniúchán an uisce chóireáilte éifeachtacht an trealaímh chóireála uisce shuiteáilte a dheimhniú. Moltar úsáid a bhaint as an gcóras cóireála uisce ar feadh tréimhse íosta dhá sheachtain sula ndéantar an t-uisce a thástáil.

Sa chás nach mbaineann ach oibreacha ina ndéantar tobar nua a dhruileáil nó tobar reatha a athshlánú leis na hoibreacha feabhsúcháin, agus go bhfuil trealamh cóireála uisce i bhfeidhm cheana féin, is gnách nach mbíonn ach sampláil, anailís agus deimhniú le déanamh don uisce cóireáilte.

Ní íocfaidh an t-údarás tithíochta deontas mura mbaintear torthaí amach a bhfuil siad sásta leo ón bpróiseas samplála, anailís agus deimhniúcháin. Larrfaidh an t-údarás tithíochta go ndéanfar sampláil, anailís agus deimhniúchán arís eile, agus, más gá, go ndéanfar obair bhreise feabhsúcháin, go dtí go mbaintear amach torthaí a bhfuil siad sásta leo.

Caithfidh an t-iarratasóir cóip den Deimhniú Anailísé a choimeád a d'eisigh an tsaotharlann agus é a sheoladh ar ais go dtí an t-údarás tithíochta leis an éileamh ar íocaíocht an deontais. Ní íocfaidh an t-údarás tithíochta deontas mura gcuirtear Deimhniú Anailísé ar fáil chun a sásaimh.

---

<sup>3</sup> Chun teacht ar threoir bhreise, tabhair cuairt ar: <http://www.epa.ie/water/dw/hhinfo/testtreat/>

# AGUISÍN I

**Méid an Uisce:** Nuair a bhíonn tobar nua a dhruileáil nó tobar reatha a athshlánú i gceist leis na hoibreacha feabhsúcháin, a luaithe a aimsítear uisce, caithfear tástálacha a dhéanamh le cáilíocht an uisce a bhailíochtú. Bíonn na riachtanais anailíse ar cháilíocht an uisce i gceist, faoi mar a leagtar amach thua.

Déanann an conraitheoir druileála méid an uisce a bhailíochtú. Caithfidh an conraitheoir Deimhniú um Méid an Uisce síníthe a sholáthar ina dtugtar sonraí faoin tollpholl chomh maith lena mhéid measta tárgthe uisce, bunaithe ar thástáil chaidéalaithe.

Tá an fhoirm riachtanach, Deimhniú um Méid an Uisce, ar fáil ón údarás tithíochta agus ba cheart í a sholáthar le faomhadh scríofa an iarratais ar dheontas.

Caithfidh an t-iarratasóir cóip den Deimhniú um Méid an Uisce a choimeád a d'eisigh an druileálaí agus é a sheoladh ar ais go dtí an t-údarás tithíochta leis an éileamh ar íocaíocht an deontais. Ní íocfaidh an t-údarás tithíochta deontas mura gcuirtear Deimhniú um Méid an Uisce ar fáil chun a sásaimh.

Sa chás go ndéantar tobar nua a dhruileáil agus caidéal a shuiteáil mar chuid de na hoibreacha feabhsúcháin, moltar an tsuiteáil a dhíghalrú agus úsáid a bhaint as an gcoras cóireála ar feadh tréimhse íosta dhá sheachtain sula ndéantar an t-uisce a thástáil.

## 2. Eolas ar sholáthar uisce folláin agus glan

Is féidir a mheas nach mbaineann soláthar uisce na caighdeáin riachtanacha amach i dtaobh cháilíochta an uisce, faoi mar a shainítear sna Rialacháin, má tá an t-údarás tithíochta sásta gur gá an soláthar uisce a uasghrádú nó a athsholáthar mar gheall nach bhfuil sé folláin nó glan nó sa chás nach leor méid an uisce chun freastal ar an éileamh uisce ar mhaithe le cuspóirí tí an teaghlaigh.<sup>4</sup>

Is féidir a mheas nach bhfuil soláthar uisce, ag brath ar umar uisce báistí, ar mhaithe le cuspóirí deontais, folláin agus glan, nó nach soláthraíonn sé méid leordhóthanach chun freastal ar an éileamh ar uisce ar mhaithe le cuspóirí tí an teaghlaigh. Níor cheart a mheas, áfach, nach bhfuil méid dóthanach á sholáthar ag soláthar uisce díreach mar gheall go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh ar uisce ar mhaithe le cuspóirí neamhthí ón bhfoinse atá i gceist.

Saintréith nádúrtha de go leor den soláthar uisce óil in Éirinn is ea ‘Cruas’ agus ní bhíonn sé mar chúis le heasnaimh cháilíochta sa soláthar. Ní cheaptar go sásáíonn uisce crua na critéir a luaitear le haghaidh cuspóirí deontais. Ar an ábhar sin, ní íohtar as bogthóir uisce a shuiteáil sa scéim deontais. Ar an gcuma chéanna, ní íohtar sa scéim deontais as córais a suiteáladh chun sóidiam a bhaint in uisce a rinneadh bog.

<sup>4</sup> Is ionann an bhrí atá ag “folláin agus glan” maidir le soláthar uisce agus an bhrí atá aige i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014), arna leasú.

## AGUISÍN II

### Eolas faoi oibreacha cáilitheacha

Cáilítear oibreacha do chistiú faoin scéim deontais nuair a dhéantar iad chun feabhas a chur ar sholáthar uisce tí i dteach agus nuair a bhíonn ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas i gceist leo:

- tobar nua a dhruileáil nó a choimisiúnú,
- tobar reatha a athshlánú, toll reatha a dhoimhniú nó a athlínéáil agus siolta a bhaint ina measc sin,
- soláthar uisce dromchla a sholáthar nó a uasghrádú ó fhoinse uisce dromchla,
- teach caidéil, píobáin nó saoráidí eile maidir leis an soláthar uisce a thógáil nó a fheabhsú,
- trealamh nó saoráidí meicniúla nó leictreacha maidir leis an soláthar uisce a sholáthar nó a fheabhsú,
- saoráidí nó trealamh chun uisce a chóireáil a sholáthar nó a fheabhsú, nó sampláil, anailís agus deimhniúchán a dhéanamh ar an soláthar uisce (roimh agus i ndiaidh na n-oibreacha) lena dheimhniú go sásáíonn an soláthar don teach ag an sconna sa chistin na Rialacháin.

Ní cháilítear oibreacha sna cásanna seo a leanas, faoi thuairim an údarás tithíochta:

- sáraíonn siad na hoibreacha a theastaíonn chun soláthar leordhóthanach uisce a fháil ar mhaithe le cuspóirí tí (e.g. beartaítear cóireáil a dhéanamh a sháraíonn an chóireáil sin a theastaíonn chun an riachtanas i dtaobh soláthar folláin agus glan a shásamh)<sup>5</sup>,
- nuair a bhaineann siad le pluiméireacht a shuiteáil nó a fheabhsú laistigh de theach,
- nuair a bhaineann siad le soláthar uisce a sholáthar nó a uasghrádú ar mhaithe le cuspóirí neamhthí (i.e. i gcás roinnt gníomhaíocht tráchtála nuair a úsáidfear an soláthar feabhsaithe le haghaidh gníomhaíocht tí agus roinnt gníomhaíocht tráchtála, e.g. feirm, gnólacht a oibrítear as baile, etc.)<sup>5</sup> above<sup>5</sup>,
- nuair a cuireadh túis leo sular thug an t-údarás tithíochta cuairt measúnaithe réamhoibreacha ar an láthair agus sular eisigh an t-údarás tithíochta faomhadh scríofa don iarratasóir,
- nuair a dhéantar na hoibreacha ar mhaithe le bogthóirí uisce nó cóireáil ghaolmhar.

---

<sup>5</sup> Faoi na cúinsí siúd, is féidir leis an údarás tithíochta costas faofa a dheimhniú ina léirítear costas ghné thí na n-oibreacha a bheartaítear, ar an iomlán.

**FOIRM IARRATAIS**

**Oibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce príobháideach nuair nach gcomhlíonnann an soláthar uisce reatha, i dtuairim an údaráis tithíochta, na Rialachán Uisce Óil nó nuair nach leor an méid a sholáthraítear chun freastal ar riachtanais tí an teaghlaigh agus nuair nach bhfuil an teach ceangailte le, nó nach féidir an teach a cheangal le Scéim Uisce de chuid Uisce Éireann nó le Grúpscéim Uisce Phríobháideach go réasúnta.**

- Léigh na notaí eolais, le do thoil, sula lónann tú an fhoirm iarratais.
- Caithfear gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, sa chás go sonraítear, caithfear cáipéisí tacaíochta a sholáthar. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána nó na foirmeacha siúd nach ngabhann na cáipéisí cuí leo.
- NÍOR CHEART tú a chur le hobair sula dtugann an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cuairt. Má cuireadh tú a chur le hobair roimh an dáta sin, ní dhéanfar breithniú ar d'iarratas.
- Déanann údaráis tithíochta an scéim deontais a riar. Is faoin údarás tithíochta ábhartha atá sé plé le gach ceist a bhaineann le hoibriú laethúil na scéime deontais, iarratais agus íocaíochtaí san áireamh.
- Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin deontas a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis tithíochta ábhartha.

**1. Sonraí faoin larratasóir**

Ainnm an iarratasóra:

Seoladh (láthair an SUP atá le suiteáil nó le feabhsú):

ÉIRCHÓD (riachtanach):

Uimhir ghutháin i rith an lae:

Seoladh ríomhphoist:

**2. Sonraí faoin SUP reatha (más infheidhme)**

Aois an tí, ábhar an tsoláthair uisce:

Má tá soláthar reatha d'uisce píobaithe sa teach, cén chaoi nach bhfuil sé folláine agus glan?:

## Foirm PWS 1a

<b>3. Sonraí faoi na hoibreacha a bheartaítear a dhéanamh</b>	
An bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis na hoibreacha?: <ul style="list-style-type: none"><li>▪ uasghrádú ar sholáthar reatha</li><li>▪ soláthar nua a chur ar fáil</li><li>▪ oibreacha cóireála</li></ul>	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
An mbeidh úsáid á baint as an soláthar nua nó uasghrádaithe uisce do chuspóirí neamhthí? Má bheidh, tabhair sonraí faoi na húisáidí, le do thoil:	Beidh <input type="checkbox"/> Ní bheidh <input type="checkbox"/>
<b>4. Cur síos ginearálta ar na hoibreacha agus costas na n-oibreacha atá le déanamh</b> (caithfear cóipeanna de luachana a cheangal freisin)	
<b>5. Íocaíochtaí a rinneadh roimhe seo</b>	
Ar íocadh aon deontas maidir leis an teach seo le 7 mbliana anuas?	Íocadh <input type="checkbox"/> Níor íocadh <input type="checkbox"/> Má íocadh, tabhair sonraí, le do thoil:

## Foirm PWS 1a

(a) cé a d'íoc an deontas? (b) méid: (c) an dáta a íocadh an deontas:	(a) (b) € (c)
<b>6. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí</b> ( <i>caithfear</i> cóip den Deimhniú Imréitigh Cánach do gach conraitheoir a sholáthar)	
Conraitheoir 1	Conraitheoir 2 (más infheidhme)
Ainm an Chonraitheora:	Ainm an Chonraitheora:
Seoladh an Chonraitheora:	Seoladh an Chonraitheora:
ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:
<b>7. Dearbhú</b>	
Dearbhaím, leis seo, go bhfuil an t-eolas a sholáthair mé ar an bhfoirm iarratais seo, agus sa cháipéisíocht go léir eile a sholáthair mé chun tacú leis an iarratas seo, ceart agus fíor.	
Tuigim gur féidir an t-iarratas seo a chur ar ceal má sholáthraím aon eolas bréagach nó míthreorach nó aon cháipéisíocht tacaíochta neamhbhailí.	
Síniú an iarratasóra: _____	
Dáta: _____	

### FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT:

**Oibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce príobháideach nuair nach gcomhlíonann an soláthar uisce reatha, i dtuairim an údaráis tithíochta, na Rialacháin Uisce Óil nó nuair nach leor an méid a sholáthraítear chun freastal ar riachtanais tí an teaghlaigh agus nuair nach bhfuil an teach ceangailte le, nó nach féidir an teach a cheangal le Scéim Uisce de chuid Uisce Éireann nó le Grúpscéim Uisce Phríobháideach go réasúnta.**

- Léigh na notaí eolais, le do thoil, sula lónann tú an fhoirm éilimh.
- Caithfear gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, sa chás go sonraítear, caithfear cáipéisí tacaíochta a sholáthar. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhionmlána nó na foirmeacha siúd nach ngabhann na cáipéisí cuí leo.
- NÍOR CHEART go mbeadh tús curtha le hobair sula dtugann an t-údarás tithíochta nó a ionadaí cuairt. Má cuireadh tús le hobair roimh an dáta sin, ní dhéanfar breithniú ar d'éileamh.
- Déanann údaráis tithíochta an scéim deontais a riar. Is faoin údarás tithíochta ábhartha atá sé plé le gach ceist a bhaineann le hoibriú laethúil na scéime deontais, iarratais agus íocaíochtaí san áireamh.
- Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin deontas a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis tithíochta ábhartha.

#### 1. Sonraí faoin larratasóir

Ainm an iarratasóra:	
Seoladh (láthair an SUP a suiteáladh nó a feabhsaíodh):	
ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir ghutháin i rith an lae:	
Seoladh ríomhphoist:	
UPSP:	
<b>2. Cur síos ginearálta ar agus costas na n-oibreacha faoinar tugadh</b> (caithfear fálta(i)s m(h)iondealaithe a sholáthar do na hoibreacha go léir a críochnaíodh)	

## Fóirm PWS 1b

3. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí ( <i>caithfear</i> cóip den Deimhniú Imréitigh Cánach do gach conraitheoir a sholáthar, más éagsúil é ón gconraitheoir a liostaítéar ar an bhfoirm iarratais)	
Conraitheoir 1	Conraitheoir 2 (más infheidhme)
Ainm an Chonraitheora:	Ainm an Chonraitheora:
Seoladh an Chonraitheora:	Seoladh an Chonraitheora:
ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:
4. Dearbhú	
Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a sholáthair mé ar an bhfoirm éilimh seo, agus sa cháipéisíocht go léir eile a sholáthair mé chun tacú leis an éileamh seo, ceart agus fíor.	
Tuigim gur féidir an t-éileamh seo ar íocaíocht a chur ar ceal má sholáthraím aon eolas bréagach nó míthreorach nó aon cháipéisíocht tacaíochta neamhbhailí.	
Síniú an éilitheora:	_____
Dáta:	_____